Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 26 Feabhra 2019
(OR. en)

6550/1/19
REV 1

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2017/0354(COD)**

CODEC 466
COMPET 151
ECO 31
MI 172
ENT 49
CONSOM 71
GAF 24
AGRI 87
UD 61
CHIMIE 33
COMER 30

## NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le haitheantas frithpháirteach earraí atá ar an margadh go dleathach i mBallstát eile agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 764/2008 **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. Chuir an Coimisiún an togra[1] thuasluaite, atá bunaithe ar Airteagal 114 CFAE, ar aghaidh chuig an gComhairle ar an 19 Nollaig 2017.

2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh ar an 23 Bealtaine 2018[2].

---

1 15965/17.
2 IO C 283, 10.8.2018, lch. 19.

3. Ar an 14 Feabhra 2019, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstitiúidí air agus, dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh glacadh ag an gComhairle[3] leis.

4. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dhaingniú go n-aontaíonn sé leis sin agus iarrtar air an méid seo a leanas a mholadh don Chomhairle:

– seasamh Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE-CONS 70/18, a fhormheas mar mhír "A" ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo;

– a chinneadh go ndéanfar an ráiteas atá in Aguisín 1, a ghabhann leis an nóta seo, a chur isteach i miontuairiscí an chruinnithe sin.

Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, déanfar é a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

---

[3] 6224/19.